

Glór Cheatharlach

Dlúthdhiosca as Gaeilge

Seolfar dlúthdhiosca dar teideal "As Toibreacha an tSlánaithe" ag ócáid speisialta a thionólfar i Mainistir na gCláiríneach Bocht, Gráigchuilinn, Ceatharlach ar an Aoine, 18ú Eanáir ag 7.30i.n. Cnuasach de phaidreacha, iomann, sleachta ó na scríoptúir agus ceol suaimhneach atá ar an dlúthdhiosca. Is tionscnamh de chuid Glór Cheatharlach é agus urraithe ag Foras na Gaeilge. I measc na n-amhránaithe ar an cd tá Kathleen Nic Dhiarmada, An tAthair Conn Ó Maoldomhnaigh agus cór ban rialta na gCláiríneach. Dob é Ollie Hennessey a sholáthar an ceol agus eisean an léiritheoir chomh maith.

An Monsineoir Breandán Ó Broin a sheolfaidh an dlúthdhiosca. Creidtear go mbeidh sé ina áis do mhúinteoirí, sagairt agus séiplínigh i scoileanna, paróistí, ospidéal agus tithe altranais. Cuirfidh daoine aonair fáilte roimh an dlúthdhiosca chomh maith mar áis mhaith spioradálta agus iad i mbun macnaimh ciúin. Cuirfear fóirchoin fáilte roimh chách ag an seoladh agus beidh cóipeanna



As Toibreacha an tSlánaithe

den dlúthdhiosca ar fáil ó oifig Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste. Tuilleadh eolais ó 087 2857048.

Gluais:	Glossary:
dlúthdhiosca	compact disc
toibreacha	springs
mainistir	monastery
cnuasach	collection
urraithe	sponsored
léiritheoir	producer
Monsineoir	Monsignor
séiplínigh	chaplains
tithe altranais	nursing homes
áis	resource

Cúrsaí Gaeilge an Earraigh

Is é seo an t-am chun rúin nua na athbhliana a dhéanamh. Céard faoi Gaeilge a fhoghlaim nó cur le caighdeán na teanga atá agat cheana féin? Cuirfear tús le sraith an earraigh de na cúrsaí do dhaoine fásta i gcomhar le Gaelchultúr ag tús Mhí Feabhra agus rachaidh siad ar aghaidh thar deich seachtaine. Tá táille speisialta €180 ar fáil dóibh siúl a fhreastalaíonn ar na cúrsaí i gCeatharlach. Cuirfear rogha de chúrsaí ar fáil ag bun agus meán leibhéal chun freastal ar chumais éagsúla na bhfoghlaimoírí. Beidh na Bunchúrsaí ar siúl oíche Luain agus na Meánchúrsaí ar an Mháirt leis na ranganna go léir ó 7:00-9:00i.n. in oifig Chomhairle Chontae Cheatharlach ar Bhóthar Átha Í.

Daoine ar mhian leo freastal ar chúrsa agus nach bhfuil cinnte cén leibhéal a d'oirfeadh dóibh is féidir leo tabhairt faoi Thriail Ghaeilge ar Líne atá ar fáil saor in aisce ar shuíomh idirlín an chomhlachta www.gaelchultur.com. Tá clárú oscailte anois ar líne nó trí ghlaoch a chur ar 1890 252 900. Tá gach eolas ar an suíomh dátheangach nó is féidir na sonraí uile a fháil ó Glór Cheatharlach ar 085 1340047 nó scríobh chuig ema@glorcheatharlach.ie

Gluais:	Glossary:
rúin	resolutions
leibhéal	level
táille	fee
freastal	serve
saor in aisce	free of charge
clárú	registration
ar líne	on line
dátheangach	bilingual

Comhrá Gaeilge do mhicléinn

Eagróidh Glór Cheatharlach sraith nua den Chiorcal Comhrá Gaeilge larscoile do lucht na hardteistiméireachta an téarma seo. Díreoidh an ciorcal ar mhicléinn atá ag lorg deiseanna breise chun Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil lasmuigh den seomra ranga. Cuirfidh scoláirí an-fháilte roimh gach deis labhartha na teanga chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge go háirithe agus méadú mór go daichead fán gcéad de mharcanna iomlán an ábhair i scrúdú na hArdeistiméireachta ag dul don bhéaltríail.

Beidh an Ciorcal Comhrá ar siúl in Ionad Phobail New Oak, Ceatharlach gach Céadaoin tar éis scoile ó 4.30 go 5.30i.n. le tosú ar 23ú Eanáir. Leanfaidh na seisiúin cainte seo ar aghaidh go dtí an Cháisc. An táille don téarma iomlán ná €20. Tá líon na rannpháirtithe teoranta agus ní foláir clárú go luath chun áit a chinntiú. Chun clárú is féidir dul i dteagmháil le Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach ar eolas@glorcheatharlach.ie nó glaoch a chur ar 085 1340047 nó 059 9158105.

Gluais:	Glossary:
ciorcal	circle
iarscoile	after school
micléinn	students
deis	opportunity
barr feabhais	improve
béaltríail	oral
táille	fee
in áirithe	reserve
a chinntiú	to ensure



Cruinniú Pan Cheilteach 2013

Cuirfear fáilte roimh dhaoine go bhfuil suim acu teacht le chéile chun Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach na bliana seo a eagrú. Tionólfar an chéad cruinniú planála ar an Déardaoin, 24ú Eanáir ag 6.15i.n. ins an Ostán Seven Oaks. Chomh maith leis an gcoiste stiúrtha bunófar fochoistí chun díriú ar rannóga éagsúla na féile. Is féidir le daoine fochoiste a roghnú as réimse leathan de réir a mianta féin ina measc ceol, comórtais, siamsaíocht faoin aer, poiblíocht, comharthaíocht, scéalaíocht, an margadh ceilteach, imeachtaí spóirt agus imeachtaí teaghlaigh. D'éirigh go hiontach leis an bhféile a óstáladh i gCeatharlach don chéad uair anuraidh agus ag tógáil ar thaithí na féile sin beifear ag súil le forbairt mhór i mbliana. Beidh an comórtas náisiúnta chun Amhrán na hÉireann a roghnú ar siúl san Ostán Seven Oaks ar an

Déardaoin, 7ú Feabhra. Cuirfear tús leis an bhféile idirnáisiúnta ar an 2ú Aibreán agus leanfar leis an gceiliúradh agus an siamsaíocht go dtí an 7ú Aibreán. Is deis iontach an fhéile ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus chun Ceatharlach a chur ar léarscáil na turasoíreacht. Mar sin bí páirteach chun féile den scoth a eagrú. Tuilleadh eolais ach glaoch ar 085 1340047, 059 158105 nó buail isteach chuig an cruinniú. Beidh fáilte roimh chách.

Gluais:	Glossary:
cruinniú	meeting
coiste	committee
fochoiste	subcommittee
comórtais	competitions
siamsaíocht	entertainment
margadh	market
taithí	experience
deis	opportunity
léarscáil	map
turasóireacht	tourism

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047

emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Welcome to the digital edition of the

The Nationalist

The e-edition is an exact replica of our printed paper. It's a digital reproduction of the newspaper

Each e-edition comes complete including every photograph, advertisement and news articles. There is no need to download software and you can access your e-edition anytime, anywhere you are.

Simply sign up today at

www.carlow-nationalist.ie
and start search and navigating the paper using your web browser.



www.carlow-nationalist.ie